Nuacht agus Cúrsaí Reatha

RTÉ

D'fhéach 77% de mhuintir na hÉireann ar Nuacht Teilifíse RTÉ mar a bpríomhfhoinse do Nuacht na hÉireann agus Nuacht Idirnáisiúnta.

Foinse: TNS-mrbi RTÉ Corporate Reputation Survey, 2006

Is cuid ríthábhachtach de raidió, teilifís agus cláir ar líne RTÉ í an nuacht. Braitheann clú agus cáil aon stáisiún craolacháin go minic ar ábharthacht, ar chuimsitheacht agus ar iontaofacht an chlúdach nuachta a bhíonn ar an stáisiún.

Bíonn Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ sa tóir ar an fhírinne laistír de na ceannlínte, agus clúdach cothrom le dáta a thabhairt de nuacht réigiúnach agus náisiúnta, nuacht idirnáisiúnta, nuacht gnó, imeachtaí spóirt agus aimsire do phobal na hÉireann seacht lá na seachtaine via teilifís, raidió, an t-idirlíon agus an fhón póca. Oibríonn foireann tuairisceoirí nuachta, comhfhreagraithe réigiúnacha agus sainchomhfhreagraithe timpeall an chloig ar fud na hÉireann agus inár mbiúrónna iasachta ag déanamh taighde ar scéalta agus ag bailiú nuachta chun cláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ a chur le chéile.

Tríd is tríd, soláthraíonn IBD Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ os cionn 1,000 uair de chláir Teilifíse gach bliain, clár leath uair an chloig sa lá ar TG4 agus beagnach 1,700 uair ar Raidió. Déantar láithreán gréasáin Nuacht RTÉ a thabhairt cothrom le dáta go rialta, bíonn an láithreán gréasáin ar fáil 24 uair in aghaidh an lae, áit a mbíonn an nuacht is déanaí mar aon le cláir reatha agus cláir chartlanna. Cuireann Nuacht RTÉ nuacht ar fáil d'Aertel, d'fhóin póca agus do phódchraoladh.

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Tá na nithe seo a leanas ar aschur Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ:

- *Nuacht, News at One, Six One*, the *Nine O'Clock News* mar aon le cúig bhuilitín gach lá ar RTÉ One. Craolann Seomra Nuachta *News on Two* ar RTÉ Two mar aon le builitíní laethúla Nuacht ar TG4
- An clár teilifíse cúrsaí reatha a bhíonn á chraoladh faoi dhó sa tseachtain, *Prime Time*, agus ar a mbíonn snáithe imscrúdaitheach grinn, *Prime Time Investigates*
- *Questions & Answers* – clár díospóireachta cúrsaí reatha ina mbíonn painéal éagsúil gach seachtain ag freagairt ceisteanna ón lucht éisteachta sa stiúideo ar mhórthopaicí na linne
- Craolann *Oireachtas Report* agus *Leaders' Questions* clúdach d'imeachtaí an lae i nDáil Éireann
- *Nationwide*, tugtar an nuacht agus na himeachtaí is déanaí ó ar fud na tíre chuig an lucht éisteachta trí huaire sa tseachtain, mar aon leis an gclár cúrsaí pobail agus réigiúnacha dhátheangach Pobal a bhíonn ar an aer gach tráthnóna Dé Domhnaigh agus ar a mbíonn béim ar leith ar thuairiscí ó phobail tuaithe agus ó phobail uirbeach araon maidir le saincheisteanna a bhaineann lena saol.
- *Capital D*, sraith sheachtainiúil le tuairiscí ar dhaoine agus ar áiteanna i mórcheantar Bhaile Átha Cliath – tá daonra os cionn milliún duine sa cheantar sin anois
- *The Week in Politics* a dhéanann anailís ar imeachtaí polaitíochta na seachtaine agus áirítear ann agallaimh leis na polaiteoirí a bhíonn sa nuacht an tseachtain sin
- *One to One* – sraith agallamh grinne le daoine a bhfuil cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta acu a dhéanann iriseoirí sinsearacha de chuid Nuacht RTÉ
- Builitín Nuachta i rith na seachtaine, *news2day*, a bhíonn dírithe go sonrach ar dhaoine óga idir seacht mbliana d'aois agus dhá bhliain déag agus cruthaithe i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Náisiúnta Leanaí agus a chraolann nuacht na hÉireann mar aon le nuacht idirnáisiúnta a mbeadh suim ag lucht éisteachta óg ann

- Ar an Raidió, leanann an príomhchlár nuachta *Morning Ireland* ar an gclár raidió is mó a bhfuil éisteacht aige in Éirinn, agus éisteann os cionn trí chéad míle duine le *News at One* a bhíonn ar gach lá den tseachtain. Áirítear ar na cláir seachtainiúla *This Week, World Report* agus *The Business*.

Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ

Márta 2007 | www.rte.ie